3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart cosanta agus ar an gceart chun dea-riaracháin mar gheall ar mhainneachtain an Choimisiúin Ráiteas Forlíontach Agóidí a ghlacadh chun an easpa soiléireachta ar phríomhghnéithe an Ráitis Agóidí agus an spleáchas ar fhianaise nach bhfuil áirithe sa Ráiteas Agóidí a leigheas.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an dualgas cúraim toisc go raibh cuid mhór d'fhianaise an Ráitis Agóide as dáta faoin am a ghlac an Coimisiún a Chinneadh, agus gur theip air imscrúdú cúramach agus neamhchlaonta a dhéanamh ar na fíorais ba chriticiúla, rud lenar tugadh réamhbhreith ar thoradh an idirbhirt atá faoi chonspóid.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Márta 2022 – Dehaen v EUIPO – National Geographic Society (NATIONAL GEOGRAPHIC)**

**(Cás T-157/22)**

(2022/C 207/60)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Karolien Dehaen (Schilde, an Bheilg) (ionadaithe: T. van Innis agus A. Van der Planken, dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* National Geographic Society (Washington, Ceantar Columbia, na Stáit Aontaithe)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha an Aontais Eorpaigh "NATIONAL GEOGRAPHIC" – trádmharc an Aontais Eorpaigh Uimh. 2 148 799

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealúcháin

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh an Chéad Bhord Achomhairc de chuid EUIPO an 17 Nollaig 2021 i gCás R 972/2020-1

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

### Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Márta 2022 – Dehaen v EUIPO – National Geographic Society (NATIONAL GEOGRAPHIC)**

**(Cás T-158/22)**

(2022/C 207/61)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Karolien Dehaen (Schilde, an Bheilg) (ionadaithe: T. van Innis agus A. Van der Planken, Dlíodóirí)